

Lios Póil

Corca Dhuibhne

Roiðeard Ó Cathasaigh

Tá paróiste síbhialta Lios Póil suite i gceartlár leithinis Chorca Dhuibhne; ar imeall na Gaeltachta; le hAbhainn an Scáil ar an dteorainn thoir, an Daingean thiar, an tAigéan Atlantach ó dheas agus Cruach Sceirde mar theorainn idir é agus an Leitriúch ó thuaidh. D'fhéadfaí a rá go roinneann an príomhbhóthar ó Thrá Lí go dtí an Daingean an paróiste ina dhá leath. Ar an gcuma chéanna tá dhá thoghroinn cheantair sa pharóiste seo, mar atá, Minaird agus Cinnaird agus iad so bunaithe ar na seanapharóistí eaglasta meánaoiseacha. Sa 13ú haois, ní foláir, a bunaíodh na paróistí eaglasta so. Tá tuairisc ar pharóistí eaglasta Chinnaird agus na Minairde i liostaí Cánacha Eaglasta i nDeoise Ard Fhearta sna blianta 1302-1307.

Dar ndóigh, bhí áitritheoirí lonnaithe sa dúthaigh seo i bhfad roimis sin, agus tá a fhianaise sin againn sna láithreacha seandálaíochta iomadúla atá le feiscint go dtínár linn féin. Áirítear Púicín an Chairn atá suite ar mhaolchnoc idir Arda Mór agus na Dúnta, ar cheann de na láithreacha is seanda dhíobh uile. Cuirimid spéis ar leith san uaigh mheigiliotach so toisc go bhfuil cuid den gcarn cloch a bhí anuas ar an uaigh ó thús ann go fóill. Láthair adhlactha ab ea é seo a bhaineann le Ré na Moch-Chré-Umhaoise, c. 1100 R.C.

Iarsmaí iontacha eile atá sa cheantar céanna agus a thagann ón ré chéanna is ea galláin na Gráige. Galláin théagartha iad so atá timpeall trí mhéadar an ceann ar airde agus ina seasamh i ngar dá chéile. Dealraíonn sé go bhfuil a n-ailíniú dírithe ar dhul fé na gréine le linn ghrianstad an gheimhridh; iontas eile d'éirim luathaitheoirí na dúthaí. Míníonn finscéal ón mbéaloideas áitiúil conas a tharla dhá cheann des na galláin seo a bheith ann, mar atá: lá dá raibh Fionn agus na Fianna ar bharr chnoc an Stricín, bheartaíodar go mbeadh comórtas acu féachaint ceocu acu ab fhaide a chaithfeadh carraig trasna an ghleanna. Rug Fionn ar charraig ollamhór agus chaith sé uaidh í agus thuirlig sí ina seasamh breis is míle ó bhaile in Arda Mór. Rug Oisín ar charraig

eile a bhí chomh mór céanna le carraig Fhinn, chaith í agus thuirilig sí san áit chéanna geall leis, ach thit an charraig úd ar an dtalamh. Tugtar an Sprioc ar ghallán Fhinn agus an Caighte ar ghallán Oisín; agus Log na nGallán a tugtar ar an láthair ina bhfuilid go dtí an lá atá inniu ann.¹

Tá fianaise láidir chomh maith againn ar na háitritheoirí a mhair sa dúthaigh seo timpeall aimsir Naomh Pádraig agus go ceann míle bliain ina dhia' san. Dar ndóigh, is iad san na liosanna atá go forleathan ar fud an cheantair. Láthair chónaithe ab ea an lios. Ba ghnáth clochán nó dhó chun cónaithe a bheith sa láthair úd agus falla nó claí cosanta i gciorcail mórthimpeall mar chosaint ar naimhde agus ar ainmhithe fiaine. Tá suas le trí fichid lios sa cheantar máguaird, fianaise ar an rath a bheith ar an dtalamhaíocht; agus méadú dá réir ar an ndaonra. Maireann ainmneacha na liosanna go dtínár linn fhéin, ina measc, Lios na Rátha Airde ar an Rinn Bhuí agus Lios na Páirce Caoile i mBaile an Ístínigh, Lios Deargáin ar shleasaibh an Stricín; Lios an Anacail in Áth an Charbaill; Lisín na Lasrach agus Cathair an Choimín ar na Dúnta; Lios na Ceallúnaí ar an mBánóg agus, ar deireadh, Lios Póil cois an tséipéil óna n-ainmnítear an pobal agus paróiste an lae inniu.

Is mó scéal i seanchas na dúthaí a leanann na liosanna céanna, orthu san tá scéal a bhaineann le Lios Bhaile Uí Chonchúir i gCinnaird, mar leanas: bhí cailín ó Chinnaird ag filleadh abhaile ón nDaingean le titeam na hoíche uair. Nuair a tháinig sí go gort an leasa ag cur an cóngar aníos di, chuala sí an ceol ón lios. Ceol aoibhinn ab ea é; agus chrom sí ar rince leis an gceol. Dhein sí dreas agus ní túisce san déanta aici, ná gur at a dhá cois go dtíos na glúine. Bhíodar chomh hataithe le ceathrú an chapaill; agus d'fhanadar sa chan san gur cailleadh í tamall maith ina dhia' san!²

D'fhág áitritheoirí na tréimhse úd céadfianaise na dúthaí ar an nGaelainn againn chomh maith. Dar ndóigh, ní ar phár ná ar téip a dh'fhágadar an fhianaise úd, ach ar chlocha oghaim. Scríbhneoireacht ar fhaobhar na ngallán ab ea í seo a dhein comóradh ar na mairbh. Thosnaíodh an scríbhinn ag bun an ghalláin agus leanáíodh uirthi suas. Ainm an té a bhí á chomóradh a bhíonn ar an ngallán de ghnáth, mar shampla, an dá chloch oghaim atá i bPáirc na Fola i mbaile fearainn Log na gCapall. Tá an pháirc seo suite ar thaobh na láimhe clé de Bhóthar

an Chaptaein, a ritheann ó Gharraí na dTor síos go dtí an Mhinaird Bhuí. De réir an bhéaloidis troideadh cath fíochmhar anso fadó agus ainmneacha beirt thaoiseach a sléachtadh sa chath atá greanta ar na clocha, mar atá: GOSSUCTIAS ar cheann agus GAMICUNAS ar an gceann eile.

Tá iarsmaí creidimh sa pharóiste a bhaineann le Ré na Moch-Chríostaíochta chomh maith; an tréimhse úd a lean céad teacht na Críostaíochta go Corca Dhuibhne anuas go dtí an chéad leath den dtarna céad déag. A leithéid sin d'iarsma cloiche is ea Cros Arda Mór. Liag í seo atá 2.2 m. ar fhaid agus .4m. ar leithead, le cros ghréagach gearrtha go snoite ar a huachtar. Tá diongbháiltacht agus siúrúil ag baint le dreach na croise úd a théann i bhfeidhm orm gach uair a leagaim súil nó méar uirthi! Tháinig Muintir Dhubháin Arda Mór uirthi i 1978 agus iad i mbun tochailte. Tá an chros i gcoimeád i Músaem Chorca Dhuibhne i mBaile an Fheirtéaraigh i láthair na huaire. Iarsma eile ó leath deireanach na tréimhse céanna is ea Teampall Mártain nó an Teampall Liath mar is fearr aithne air. Is geal lem chroí an láthair seo, toisc é bheith lonnaithe ar an bhfeirm inar tógadh me. Tá clós i bhfoirm leasa timpeall ar an láthair seo atá suite i lár ghleanna ar aghaidh an Stricín amach, i radharc na Trá Bige. Tá rian seanuaigneanna ar an láthair agus deirtear go gcuirtí leanaí gan baiste ann anuas go dtí tús an chéid seo. Luaitear i mbéaloideas an cheantair go raibh feirmeoir ó Chluain Churtha ag tógaint tí uair; agus gur chuir sé dúil i gcloich mhór ana-dheas a bhí sa tseanatheampall toisc go 'rúnódh sí go hálainn ós cionn dorais sa tigh nua. Thóg sé leis í ón dteampall ar thiteam na hoíche agus chuir sé sa bhfalla í. Larnamháireach nuair a dh'éirigh sé, ní raibh tásca ná tuairisc ar an gcloich. Bhí sí fuadaithe agus cá bhfaigheadh sé í ach sa tseanatheampall mar a raibh sí ar dtúis. Níor aistrigh éinne riamh ó shin í.³

Ní miste trácht anois ar mhacalla na Normannach sa pharóiste. Ní fios cathain a lonnaíodar sa cheantar ar dtúis, ach de réir na stairithe, bhí seilbh ar thailte sa dúthaigh acu roim dheireadh na 13ú haoise. Luaitear dhá theaghlach Normannacha, mar atá, na Gearaltaigh agus na Londraigh i bhfinscéal áitiúil a mhíníonn conas mar a fuair an abhainn a ghluaiséann ó Loch Bhearna na Gaoithe siar ó dheas tríd an bparóiste go dtí an Trá

Bheag a hainm, mar leanas: mhair Gearaltach agus Londrach sa cheantar uair agus theastaigh ó gach duine acu go n-ainmneofaí an abhainn ina dhiaidh féin. D'aontaíodar go n-ainmneofaí an abhainn i ndiaidh an té is mó a chuirfeadh claochló uirthi in imeacht aon mhaidine amháin. Bheartaigh an Gearaltach go n-athródh sé cúrsa na habhann. Chuige sin, thug sé meitheal leis agus thosnaíodar ar chúrsa nua a bhaint don abhainn in Inse Átha an Lóid ar an nGabhlán. Ní fada, áfach, gur thraochadar den gcúram agus gur thugadar suas.

Maidir leis an Londrach, bhí macha mór bó ar an bhFothrach aige siúd; agus d'ordaigh sé crú na maidine de bhainne na mba a dhortadh isteach san abhainn. Deineadh amhlaidh agus gheal uisce na habhann siar go dtí an Trá Bheag. Bhí an lá leis an Londrach agus riamh ó shin tugtar Abhainn an Londraigh ar an abhainn úd.

Caithfidh gurb í seo an chéad tagairt do thruailliú na habhann i Lios Póil! Más í, tá baol truaillithe ar Abhainn an Londraigh go dtínár linn fhéin ó eisleach na bhfeirmeacha a scéann isteach inti; agus ón bhfeirm éisc atá ar an dTobar. Ní hamháin go mbíonn bric *rainbow* ag éaló isteach san abhainn, ach bíonn tréimhsí le linn triomaigh an tsamhraidh, nuair a thiteann leibhéal uisce na habhann, go seoltar an sruth iomlán, geall leis, isteach sa bhfeirm éisc mar sholáthar uisce, a fhágann ná bíonn aon tsruth san abhainn ar feadh breis is céad slat dá cúrsa ag Droichead an Tobair. Ní haon ionadh go bhfuil dísciú ar éisc dhúchasacha na habhann sa lá atá inniu ann; bric dhonna is gheala, liatháin is eascúin agus an bradán feasa féin, éisc a bhíodh á mharú go tiubh le slait againn agus sinn inár ndéagóirí sna seascaidí. Is méanar a dhéanfadh gníomh a fhónfaidh do thionscail is do thimpeallacht aron!

Caisleán amháin atá sa dúthaigh agus is é sin Caisleán na Minairde. B'é seo caisleán deireanach na nGearaltach a tógadh i gCorca Dhuibhne thart ar 1550. Fórsaí Chromail fé cheannas Sadlier agus Keogh a ghaibh an caisleán timpeall na bliana 1650. Tá an caisleán ina fhothrach ó shin agus é suite cois Bhéal na gCloch i dtimpeallacht thonngheal thaitneamhach, ach timpeallacht atá i mbaol ó róbhaint cloch saoirseachta ag inneallra ollcharta!



Caisleán na Minairde

Tá tobar beannaithe Naomh Eoin Baiste suite cúpla céad slat taobh thiar de Chaisleán na Minairde. Ceiliúránn pobal na Minairde agus a gcairde Lá an Phátrúin ann ar an 29 Lúnasa gach bliain. Léitear aifreann agus tugtar turas an tobair is óltar a uisce an lá úd le sinsireacht. Cuirtear clabhsúr leis an gceiliúradh i nGarraí na dTor le ceol, ól is amhrán. Gaibheann leigheas de réir traidisiúin leis an dtobar chomh maith, ar thinneas cinn nó ar aon mháchail ós na guaille suas. Leigheasadh cailín de Mhuintir Chinnéide ann i dtús an chéid seo agus tuairiscítear gur leigheasadh ógánach eile ann anuiridh. Dhein Muintir na Minairde athchóiriú ealaíonta ar an dtobar anuiridh; agus dá thoradh is féidir teacht ar íocshláinte an tobair go saoráideach ó cheann ceann na bliana anois.

Tugaimis sracfhéachaint anois ar dhaonra an pharóiste ón ndaonáireamh a deineadh i 1831 anuas go daonáireamh na bliana 1996.

Daonáireamh 1831	Daonáireamh 1911	Daonáireamh 1996
Cinnaird 1,261	Cinnaird 1,754	Cinnaird 396
Minaird 1,474	Minaird 1,172	Minaird 390
Iomlán 2,735	Iomlán 2,926	Iomlán 786

Is léir ós na figiúirí seo nách mór an t-athrú a tháinig ar dhaonra na dúthaí sna ceathre scór bliain ó 1831 go 1911, cé gur tharla an Gorta Mór idir an dá linn.

A mhalairt de scéal atá againn, áfach, don dtréimhse chéanna geall leis, ó 1911 anuas go dtínár linn féin. Léiríonn an titeam tubaisteach, de thrí ceathrúna sa tréimhse seo, a dhéine is a luigh lagar eacnamaíochta an tsaorstáit úir ar dhaonra na dúthaí.

Tá agus bhí eacnamaíocht an pharóiste ag brath go mór ar thalamhaíocht le fada. Dar ndóigh, tá claochló ó bhonn tagthaithe ar chúrsaí feirmeoireachta ó thús na gcaogaidí nuair a bhíos féin ag éirí aníos ar fheirm. Feirmeoireacht ilchineálach a chleachtaimis an uair úd le ba is gamhna is uachtarlann mar chúram laethúil ar gach feirmeoir mór is beag, seacht lá na seachtaine. Le linn an ama san, bhí ainm ar gach bó agus leis na lámha a crúití iad. Ach le teacht an Aontais

Eorpaigh agus Ghrúpa Chiarraí níl ainm ná adharc ná eireaball ar aon bhó agus líon na bhfeirmeoirí a tháirgeann bainne ag titeam go tiubh in aghaidh na bliana. Mar sin fhéin tá méadú suntasach ar tháirgeadh bainne sa dúthaigh. Léiríonn na figiúirí seo a leanas d'Uachtarlann Lios Póil an t-athrú atá tagthaithe ar chúrsaí déiríochta sa pharóiste le leathchéad bliain anuas.

I 1950 1,800 galún bainne uastáirgeadh lae ag 177 feirmeoir. In 1963 3,200 galún bainne uastáirgeadh lae ag 150 feirmeoir. In 1983 6,100 galún bainne uastáirgeadh lae ag 121 feirmeoir. In 1999 8,500 galún bainne uastáirgeadh lae ag 62 feirmeoir. Má leanann an pátrún seo tharlódh gur mar seo a bheadh an scéal in 2009 le huastáirgeadh lae de 10,500 galún bainne ag 25 feirmeoir. Ina theannta sin, níl an rath ar fheirmeoireacht chaorach fé mar a bhí sna seachtóidí agus i dtús na n-ochtóidí. Nuair a bunaíodh Comharchumann Uan Chiarraí sa pharóiste i 1974 £5 an luach a bhí ar uan *Scotch* 22Kg. meachain. £4 luach an ainmhí chéanna i 1999. Tá laigheadú suntasach tagthaithe ar luach na holla le deich mbliana anuas, leis. B'fhiú £600,000 500 tonna olla i 1989. Is fiú £287,000 an ollann chéanna inniu.

Ciallaíonn sé seo ar fad go bhfuil athruithe ollamhóra ar shlí bheatha na muintire le blianta beaga anuas. Tá feirmeoireacht pháirtaimseartha ag fás, mar atá fostaíocht na muintire i dtionscail na tógála agus na seirbhíse, tionscail go bhfuil rath orthu sa leithinis le fás na turasoíreachta. Tá an pobal ag dul i ngleic leis na hathruithe seo, áfach; agus toisc go raibh traidisiún láidir oibre riamh i Lios Póil, ní baol dá muintir ó thaobh fostaíochta dho sa ré nua atá rompu.

Dornán daoine ón ndúthaigh a thuill cáil náisiúnta dhóibh fhéin agus dá bparóiste le céad bliain anuas. B'é ár laoch Tomás Ághas, Cinnaird, is mó a bhí i mbéal phobal na hÉireann as a anam a thabhairt ar son na saoirse i 1917. Bhí cáil na cumadóireachta i bhfichidí an fichiú céad ar Thadhg Ó Conchúir, Gráig, údar na n-amhrán is na n-agallamh beirte i *Reacaireacht Ghrinn na Tuaithe*. Fathaigh i ngoirt na caide ab ea Liam Ó Cathasaigh, Páirc an Teampaill nó Bill Casey mar ab fhearr aithne air; agus Liam Ó hUiginn, Baile an Fhaoitigh. Ghnóthaíodar beirt boinn uile-Éireann le Ciarraí sna daichidí agus sna seachtóidí. Gaiscíoch rothaíochta ab ea Páidí 'Fitz' Mac Gearailt, Droichead an Toddy.

Bhuaigh Páidí Rás Tailteann i 1956. Deartháir le Páidí is ea an seanadóir Tomás Mac Gearailt. Tá cáil an cheoil ar Tommie Ó Súilleabháin, Páirc an Fhia, a sheinneann leis an mbuíon ceoil Sliabh Notes. Agus ar deireadh, ach ní chun deiridh, is í an tSiúr Stanislaus Ní Chinnéide, An Muileann, banlaoch na dúthaí, as a bhfuil déanta aici ar son na muintire atá ar imeall na sochaí. Is í bunaitheoir agus uachtarán *Focus Ireland* í.

Is dócha gur fíor a rá gurbh í cáil na caide is mó a chuireann muintir Lios Póil i mbéal phobail Chorca Dhuibhne agus Chiarraí i gcoitinne. Traidisiún é seo a théann i bhfad siar go dtí an 19ú haois sarar bunaíodh C.L.G. in ao'chor. San am úd is amhlaidh a bhíodh na bailte fearainn in aghaidh a chéile. Bhailidís idir an dá bhaile agus is ansan a bhíodh an húrlamaboc acu, le gach taobh ag iarraidh an chaid a thabhairt abhaile leo. Is minic a bhíodh Dún Sian agus Lios Deargáin á fhéachaint le chéile. Maireann liú chatha nó *baka* mhuintir Dhún Sian fós i seanchas na muintire, mar leanas:

Hiúrá há, hiúrá há;
 Mara ngeobhair an chaid,
 Geobhair an fear;
 Agus 'sé an fear a gheobhaidh é,
 Chomh maith leis an gcaid!


Is mór idir inné agus inniu! Comhartha ar fhuinneamh agus ar dhul chun cinn phobal an pharóiste go bhfuil gort nua caide forbartha ó thús na seachtóidí ag C.L.G. Lios Póil, a bhuíochas sin ar an meitheal ar a raibh ineadaithe ó gach baile fearainn sa pharóiste; agus a bhí fé stiúir an bheirt chinnire chumasacha John L. Ó Súilleabháin agus Seán Baróid, beirt atá ar shlí na fírinne ó shin. Ní hamháin san, ach tógadh inead pobail agus pinniúir liathróid láimhe le linn an ama chéanna le cabhair FÁS, is le tacaíocht fhial Roinn na Gaeltachta. Gan tacaíocht fhlaithiúil airgid agus obair dheonach na muintire ní dhéanfaí an bheart. Fianaise chinnte é seo ar phobal go bhfuil ar a gcumas eagar a chur orthu féin ar bhonn deonach agus beart a dhéanamh de réir a n-aislingí! Raghaidh toradh a saothair chun tairbhe na muintire i Lios Póil go ceann i bhfad.

Léiríonn na figiúirí seo ná fuil an Ghaelainn á labhairt ag formhór na dtuistí lena leanaí age baile. Bíonn tuiscint ar an nGaelainn ag céatadán áirithe de na leanaí ag teacht ar scoil dóibh, bíodh a bhuíochas san ar an naíonra áitiúil. Ba dheacair gan aontú le breith Reg Hindley i dtaobh na Gaelainne sa dúthaigh ina leabhar *The Death of The Irish Language* nuair a deir sé '*Indisputably, an English speaking area with a modest degree of Irish survival.*'⁵

Ar a shon san is uile, measaim fhéin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag an bpobal ó thaobh na Gaelainne sa cheantar le tríocha bliain anuas. Tá fógraí Gaelainne le feiscint go forleathan ar fud an pharóiste rud ná raibh amhlaidh le linn m'óigese. Eagraíonn Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne trí chúrsa samhraidh sa pharóiste gach bliain. Tá Coiste Phobal Lios Póil ag feidhmiú go dátheangach le breis is scór bliain anois; agus is iad a eagraíonn Féile Lios Póil gach bliain. Tá rath ar an naíonra fé láthair le breis is fiche páiste ag freastal air. Tá comaoin mhór á chur ag an gcóras oideachais ar an nGaelainn i gcónaí sa pharóiste. Is í an Ghaelainn teanga theagaisc na bunscoile ach amháin nuair a bítear ag múineadh an Chreidimh; agus bíonn Gaelainn mhaith ag formhór gach leanbh ag fágaint na bunscoile dhóibh agus aghaidh á thabhairt ar oideachas dara leibhéal acu. Éistítear go rialta le Raidió na Gaeltachta, go háirithe na cláracha *Seal Aneas*, *An Nuacht* agus cláracha spóirt. Léitear aifreann Gaelainne in aghaidh na seachtaine i rith an tsamhraidh, agus uair sa mhí i gcaitheamh na bliana agus bíonn formhór na n-aifrintí eile dátheangach.

Ach, má cuirtear an cheist, an labhartar Gaelainn sa pharóiste inniu? 'Sé'n freagra go labhartar, ach nách í teanga laethúil an phobail í. Léiríonn figiúirí ó dhaonáireamh na bliana 1996 an méid sin. As an 265 duine os cionn naoi mbliana déag i dtoghcheantar Chinnaird, labhrann 63 díobh, nó 23.8%, Gaelainn go laethúil, agus as an 254 duine os cionn naoi mbliana déag d'aois i dtoghcheantar Minairde, labhrann 66 díobh, nó 26%, Gaelainn go laethúil.

Agus an méid sin ráite, tá fianaise againn le déanaí má cruthaítear an comhthéacs ceart go labharfaidh muintir an pharóiste Gaelainn le fonn.



Sampla maith dá leithéid de chomhthéacs a bheith á chruthú ab ea seisiún d'Éigse Chorca Dhuibhne ar an gCaora a dh'eagraigh Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus a tionóladh san Inead Pobail i Lios Póil i bhfómhar na bliana 1998. Tugadh cainteanna ar ghnéithe éagsúla d'eacnamaíocht agus de riaradh na caorach i nGaelainn ar an ócáid úd agus d'eagraigh Comharchumann Uan Chiarraí taispeántas ollana-bhreá i nGaelainn chomh maith. D'fhreastail ós cionn trí scór de mhuintir an pharóiste ar an dtionól úd, a reachtaíodh go hiomlán i nGaelainn, tionól a chuaigh i bhfeidhm ar an bpobal.

Is fearr fós, dar liom, an sampla is déanaí den gcomhthéacs ceart a bheith á chruthú chun go labharfadh muintir an pharóiste Gaelainn mar phobal. Tagraím do Chomórtas Peile na Gaeltachta a imríodh i Rinn ó gCuanach i bPort Láirge anuiridh. Bheartaigh C.L.G. Lios Póil go mbeidís páirteach i gcomórtas na sóisear don gcéad uair an bhliain úd toisc foireann na Gaeltachta a bheith imithe leo féin i ngrád na sinsear. Ní hamháin gur bhuaigh foireann Lios Póil an chraobh, éacht ann fhéin, agus go bhfeacathas an gaisce ar fud na hÉireann ar TnaG, ach chruthaigh C.L.G. Lios Póil go rabhadar chomh maith le haon chumann peile Gaeltachta eile sa tír. Níos tábhachtaí ná san, b'fhéidir, gur chruthaigh an fhoireann iomlán idir bhainistíocht is pheileadóirí agus lucht tacaíochta Lios Póil go bhféadfaidís a bheith chomh Gaelach le haon phobal Gaeltachta eile an deireadh seachtaine úd—a chomhartha sin, comhcheiliúradh ag dhá phobal bhuacacha Ghaeltachta i nGarraí na hTor istoíche Luan Cincise tar éis an dá bhua stairiúla. Ócáidí mar iad úd a chothaíonn féinmhuinín phobail as a bhféiniúlacht fhéin mar phobail Ghaeltachta.

Cad tá i ndán don nGaelainn i bparóistí mar Lios Póil atá ar imeall na Gaeltachta sa mhílaois nua? Níl aon amhras ná go bhfuil géarchéim i cúrsaí Gaelainne i láthair na huaire. Ach, in inead a bheith ag bagairt an bpobal, is amhlaidh ba cheart a bheith ag tacú leo muinín a bheith acu as an acmhainn nádúrtha teangan atá acu; agus nósmbhaireacht na Gaeltachta a neartú sa phobal. Chuige sin, caithfear a chinntiú go bhféadfaidís an rialtas maoiniú ar choistí oidhreachta áitiúla mar Oidhreacht Chorca Dhuibhne chun tacú leo plean cuimsitheach teangan a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na pobail áitiúla.

Ina theannta san is gá go n-éileodh cinnirí pobail sna paróistí eile in Iarthar Dhuibhneach go ndéanfaí freastal cuí Gaelainne ar phobail na Gaeltachta sna hinstitiúidí pobail sa cheantar máguaird—bainc, eaglais, rialtas áitiúil agus láithreacha gnó. Ní neartófar ar nósmhaireacht na Gaelainne sa todhcháí gan plean fóna agus toil na muintire lena chur i bhfeidhm.⁶

Cuirfead clabhsúr leis an gcaint seo le rann molta ar fhoireann Lios Póil na ndaichidí a chum Eilís Ní Shúilleabháin, Minaird. Bíodh sé mar gháir mhílaoise againn!

A scata éachtaigh, gura fada saol díbh,
Gan stad ná staonadh ag déanamh spóirt,
Ó Gharraí an Éithigh 'dtí an Eaglais aonair,
Na hAcráí maorga is tréan-Bhánóg,
Cas go néata, amach an taobh léi,
Fear faire faobhrach é Éamonn Óg.
Go maith a laochra, is snasta an tréad sibh,
An Caladh daoraigh gan léan, gan brón!

Nótaí

- 1 Cartlann Roinn Bhéaloideas Éireann LS 1065:594–95; Bríde Ní Shúilleabháin óna máthair Siobhán, Cinnaird, 1945. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Séamas Ó Catháin, Cartlannaí, Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, as cead a thabhairt dom abhar as Chartlann na Roinne sin (RBÉ feasta) a shníomh isteach sa chaint seo.
- 2 RBÉ 1065:156–57; Seán Ó Súilleabháin óna athair Pádraig (83 bl.), Cinnaird 1948.
- 3 RBÉ S426:154–56; Seán Ó Súilleabháin ó Mháire Bn Uí Mhuircheartaigh, Bóthar Breac 1938.
- 4 RBÉ 1158: 30–31; Bríde Ní Shúilleabháin ó Sheán Ó Grífin (74 bl.), Cinnaird 1948.
- 5 R. Hindley, *The Death of the Irish Language* (London, 1990), lch 54.
- 6 De bhreis ar a bhfuil luaite cheana, táim buíoch dóibh seo a leanas a thug eolas dom don gcaint seo a chur ar fáil dom; Brian Looby, Leabharlann an Chontae, Trá Lí, as na staitisticí daonáirimh; Seán Lyons, Bainisteoir Uachtarlann an Daingin, as na staitisticí bainne; Mícheál Ó Móráin, as staitisticí i dtaobh na caorach agus i dtaobh na Gaelainne i Scoil Naomh Eoin Baiste. Táim fé chomaoin mhór ag Micil Ó Briain, na Dúnta, (ná maireann), as tobar an tseanchais sa pharóiste a roinnt go fial liom i mblianta múnlaitheacha mo shaoil dom! Suaimhneas síoraí dho. Ar deireadh, buíochas dom mhuintir féin as an ngníomh dóchais a dheineadar agus an Ghaelainn a labhairt lena gclann.
- 7 RBÉ 1138: 611–12; duaisiarracht i gComórtas Cuimhne an Mháirtínigh san Oireachtas, 1946.